


# Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

## Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

dlr
Comhairle Contae County Council

# Réamhrá

## Leagtar amach sa doiciméad seo comhlíonadh Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine.

Cuireann Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine oibleagáid ar chomhlachtaí na hearnála poiblí comhionannas a chur chun cinn go gníomhach, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint ina mbeartais, ina bhfeidhmeanna agus ina seirbhísí. Agus comhlíonadh an dualgais sin á chinntiú aici, tá cur chuige iomlánaíoch agus cuimsitheach glactha ag an gComhairle, agus í i mbun measúnuithe, iniúchtaí agus comhairliúcháin éagsúla chun bearnaí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Go háirithe, rinne comhairleoir iniúchadh comhionannais seachtrach, arna chomhlánú ag suirbhé Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (EDI) agus inrochtaineachta, agus trí chomhairliúcháin le grúpaí páirtithe leasmhara pobail. Ina theannta sin, rinneadh scrúdú críochnúil ar cheisteanna agus ar ghearáin inmheánacha agus sheachtracha chun réimsí a nochtadh a raibh tuilleadh forbartha ag teastáil ina leith.

Baineann cur chuige struchtúrtha le tiomantas na Comhairle do na céimeanna maidir le Measúnú a dhéanamh, Aghaidh a thabhairt agus Tuairisciú a bhaineann le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun a chinntiú go gcomhtháthaítear ceisteanna comhionannais sna próisis chinnteoireachta uile. Áirítear leis seo measúnuithe rialta ar bheartais, nósanna imeachta agus cláir, ag baint úsáid as teimpléad IHREC maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine chun aon éagothroime nó bacainní a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint. Oibríonn an Chomhairle chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a shainaithnítear trí straitéisí agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe a fhorbairt arb é is aidhm dóibh éagothromaíochtaí a laghdú agus rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú do ghrúpaí imeallaithe nó leochaileacha.



# 5 Phríomhréimse Tosaíochta le Comhlíonadh le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

## 1. Oiliúint

Tá clár láidir oiliúna forbartha ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna is gá ag an bhfoireann chun riachtanais an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas a chomhlíonadh. Áirítear leis sin:

**Oiliúint foirne agus béim ar na nithe seo a leanas:**

- Feasacht ar Mhíchumas
- Inniúlacht Chultúrtha
- Oiliúint feasachta LADTA+
- Oiliúint maidir le néara-éagsúlacht, lena n-áirítear oiliúint spriocdhírithe do bhainisteoirí maidir le tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne néara-éagsúla
- Ábhair oiliúna shonracha atá le cur ar fáil do bhoird agallaimh chun iad a chur ar an eolas maidir le héagsúlacht agus chun uileghabhálacht a chinntiú.
- Socruithe Réasúnta: Gheobhaidh bainisteoirí oiliúint agus acmhainní breise maidir leis an mbealach is fearr chun iarratais ar shocruithe réasúnta a bhainistiú, rud a chinnteoidh uileghabhálacht san ionad oibre.
- Ní mór oiliúint bhreise a shainaithint ar bhonn leanúnach.

## 2. Comhairliúcháin & Aiseolas

Tá an Chomhairle tiomanta do dhul i dteagmháil leis an bpobal agus a chinntiú go mbeidh rochtain ag cách ar chomhairliúcháin, go háirithe grúpaí imeallaithe. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí tá:

- **Nuashonrú ar an Nós Imeachta Comhairliúcháin:** Táimid i mbun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar ár nósanna imeachta comhairliúcháin chun a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin inrochtaineachta, lena n-áirítear treoirdhoiciméad a scaipeadh chun dul i dteagmháil le DPROnna (Eagraíochtaí Ionadaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas).
- **Modhanna Malartacha Comhairliúcháin:** Modhanna malartacha comhairliúcháin a fhiosrú, amhail cóipeanna crua chun críocha inrochtaineachta, chun a chinntiú go mbeidh an deis ag gach ball den phobal a bheith rannpháirteach.
- **Sásraí Aiseolais:** Scaipfear nósanna imeachta agus doiciméid aiseolais inrochtana ar fud ranna chun comhairliúcháin agus cruinnithe uileghabhálacha a éascú, lena n-áirítear teimpléid cruinnithe inrochtana a scaipeadh.



## 3. Cumarsáid Inrochtana

Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir lena chinntiú go bhfuil ár gcumarsáid inrochtana, agus tabharfar aghaidh ar roinnt bearnaí tuilleadh. I measc na bpríomhthionscnamh tá:

- **Comhoibriú leis an bhFoireann Cumarsáide:** Oibriú go dlúth lenár bhfoireann cumarsáide chun feabhas a chur ar inrochtaineacht na n-ábhar agus na ndoiciméad poiblí go léir, agus béim ar leith á leagan ar aghaidh a thabhairt ar bhearnaí a shainaithnítear trí aiseolas inmheánach agus seachtrach.
- **Cruinnithe Inrochtana:** Tá treoirlínte maidir le cruinnithe inrochtana a reáchtáil agus úsáid ábhar inrochtana á dtabhairt chun críche chun a chinntiú gur féidir leis na rannpháirtithe uile rannchuidiú go gníomhach.

## 4. Earcaíocht Uileghabhálach & Soghluaisteacht Inmheánach

Tá an Chomhairle tiomanta do lucht saothair éagsúil agus uileghabhálach a chothú. Áirítear an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí sa réimse sin:

- **Clár AHEAD um WAM (Meantóireacht Thoilteanach Ábalta):** Seolfar Clár Earcaíochta Uileghabhálaí WAM in 2025, arb é is aidhm dó bealach uileghabhálach i dtreo na fostaíochta agus tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil d'iarrthóirí agus d'fhostaithe. Tá an clár seo dírithe ar dhaoine faoi mhíchumas. Cuirfear oiliúint speisialaithe ar mheantóirí do rannpháirtithe Chlár WAM..
- **Soghluaisteacht Inmheánach Uileghabhálach:** Tá feabhas á chur ar threoirdhoiciméid do bhoird agallaimh agus do bhainisteoirí chun cur chuige níos uileghabhálaí a chinntiú maidir le soghluaisteacht inmheánach agus earcaíocht, go háirithe maidir le fostaithe faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais éagsúla eile acu.

## 5. Inrochtaineacht

Tá bearta suntasacha á ndéanamh againn chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ar fud sheirbhísí agus shaoráidí na Comhairle:

- **Iniúchadh Inrochtaineachtat:** Tabharfaidh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin faoi iniúchadh inrochtaineachta chun aird a tharraingt ar na réimsí ar féidir feabhas a chur orthu maidir le hinrochtaineacht a seirbhísí agus a feidhmeanna.



## Tuairisciú

Cinntíonn Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin trédhearcacht trí thuairisciú rialta a dhéanamh ar a dul chun cinn maidir lena dualgas earnála poiblí a chomhlíonadh. Áirítear leis sin nuashonruithe a chur in iúl don phobal agus do pháirtithe leasmhara trí thuarascálacha bliantúla agus teachtaireachtaí eile. Tríd an méid sin a dhéanamh, cothaíonn an Chomhairle cuntasacht, neartaíonn sí muinín an phobail, agus leanann sí dá hiarrachtaí chun timpeallacht níos cothroime agus níos uileghabhálaí a chruthú do gach cónaitheoir agus gach úsáideoir seirbhíse. Áirítear leis na foinsí sonraí:

- **Taifid Tinrimh Oiliúna:** Rianú a dhéanamh ar rannpháirtíocht le míchumas, le hinniúlacht chultúrtha agus le hoiliúint inrochtaineachta i measc nithe eile.
- **Aiseolas ó Chomhairliúcháin:** Aiseolas ón bpobal agus torthaí comhairliúcháin a dhoiciméadú chun a chinntiú go gcuirfear aiseolas ó gach grúpa san áireamh.
- **Iniúchtaí Inrochtaineachta & Tuarascálacha:** Cuirfidh torthaí ón iniúchadh comhionannais sheachtraigh agus ó mheasúnuithe inrochtaineachta inmheánacha le tuairisciú bliantúil ar dhul chun cinn inrochtaineachta.

## Sainréimsí Breise

Chomh maith leis na príomhghníomhaíochtaí a leagtar amach thuas, tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag tabhairt faoi thionscnaimh bhreise chun comhionannas agus ionchuimsiú a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- **An Mheitheal um Chomhionannas a athbhunú:** Cur chun feidhme na dtionscnamh comhionannais a threorú agus a mhaoirsiú ar fud na Comhairle.
- **Forbairt Beartais:** Forbrófar 'Beartas um Stádas Comhionann' Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin chun cearta na ndaoine sin atá cosanta faoi na hAchtanna um Stádas Comhionann a chosaint. Tá bearnaí breise sa bheartas le measúnú agus beartais le forbairt ina dhiaidh sin.
- **Feachtais Feasachta:** Feachtais feasachta poiblí chun tuilleadh oideachais a chur ar an bhfoireann agus ar an bpobal faoi chúrsaí a bhaineann le Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.
- **Líonra Tacaíochta Míchumais a bhunú:** Bunófar líonra tacaíochta nua d'fhostaithe faoi mhíchumas chun tacaíocht agus forbairt leanúnach laistigh den ionad oibre a chinntiú.
- **Tacaíocht leanúnach ó Ghrúpa Comhairliúcháin Míchumais dlr:** Is grúpa comhairleach é DCG dlr a bunaíodh chun comhairle a chur ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin maidir le gach rud a bhaineann le hinrochtaineacht. Tá an bhallraíocht ag leathnú faoi láthair chun raon feidhme an ionchuir ó gach cearn den Chontae a éagsúlú.




# Conclúid

## Tá Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin tiomanta dá chinntiú go léiríonn a gníomhartha, a pleananna, a feidhmeanna beartais agus a soláthar seirbhíse riachtanais an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Trí rannpháirtíocht, oiliúint, comhairliúcháin agus iniúchtaí leanúnacha, déanaimid ár ndícheall seirbhísí a sholáthar agus timpeallacht oibre a chruthú atá uileghabhálach, inrochtana agus freagrúil do riachtanais gach duine aonair. Cinntíonn ár gcur chuige réamhghníomhach ní hamháin go bhfuil Dualgas na hEarnála Poiblí á chomhlíonadh againn ach go gcothaímid cultúr comhionannais agus ionchuimsithe i ngach rud a dhéanaimid.